Eagrán : Meitheamh 2026

NUACHTLITIR

Gaelscoil Thaobh na Coille

19/06/2026

# Gaelscoil Taobh na Coille

## De réir a chéile a tógtar na caisleáin



Captaen na Foirne - Callum de Paor



Foireann Iomána na Gaelscoile i bPáirc an Chrócaigh

## Focal Buíochais A Word of Thanks

Agus muid ag druidim le deiridh na scoilbhliana, ba mhaith liom an deis seo a thapú mo bhuíochas a ghabháil le pobal uile na scoile; na múinteoirí, an fhoireann tacaíochta, na daltaí, na tuismitheoirí, Coiste na dTuismitheoirí agus an Bord Bainistíochta as a gcuid oibre go léir le linn na bliana scoile seo. Tá bliain thar a bheith gnóthach, táirgiúil curtha againn dínn agus an iliomad imeachtaí ar siúl laistigh agus lasmuigh de na seomraí ranga. Tá ard-mholadh ag dul don fhoireann agus do na daltaí ar fad as gach rud atá bainte amach acu i rith an ama sin.

Ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil le mo leathbhádóir, Niamh Ní Dhúill, Leas Phríomhoide na scoile a bheidh ag dul amach ar scor ag deireadh na bliana seo, as a cabhair, a tacaíocht agus a hinchur leanúnach thar na blianta. Gabhaim comhghháirdeachas ollmhór le Orla Ní Fhicheallaigh atá ceapaithe mar phríomhoide ar an scoil ón 1 Meán Fomhair 2026. Guíom gach rath uirthi ina ról nua agus níl dabht ar bith agam ach go dtreoróidh sí an scoil go héifeachtach le dea-cheannasaíocht agus le fuinneamh úr don tréimhse nua seo i stair na scoile.

Tá sé deacair orm a chreidiúint go bhfuil mo chuid laethannta mar phríomhoide ar Ghaelscoil Thaobh na Coille ag teacht chun deiridh. Táim thar a bheith bródúil as a bhfuil bainte amach againn le chéile mar phobal scoile sa bhliain is tríocha sin. Ba phribhléid dom é mo shaol ghairmiúil a chaitheamh mar mhúinteoir agus mar Ghaeilgeoir, i measc daoine a bhí tionanta do chur chun cinn an oideachais, na Gaeilge agus an cultúr Gaelach. Beidh áit an-speisialta ag Gaelscoil Thaobh Thaobh na Coille i mo chroí go deo.

*As we near the of the school year, I would like to take this opportunity to thank our school community, teachers, support staff, students, parents, the Parents Committee and Board of Management, for all their hard work over the past school year. This year was another busy but productive year with a multitude of activities going on inside and outside the classrooms. The staff and students are to be commended for all that they have achieved during that time.*

*I would like to extend a special thank you to my colleague, Niamh Ní Dhúill, the school's Deputy Principal who is retiring at the end of this year, for her help, continued support and input over the years. I extend my warmest congratulations to Orla Ní Fhicheallaigh who has been appointed as principal of the school from 1 September 2026. I wish her every success in her new role, and I have no doubt that she will lead the school effectively with good leadership and fresh energy for this new period in the school's history.*

*It's hard for me to believe that my days as principal of Gaelscoil Thaobh na Coille are coming to an end. I am incredibly proud of what we have achieved together as a school community in those thirty-one years. It has been a privilege to spend my professional life as a teacher and a 'Gaeilgeoir', among people who were committed to education, the Irish language and Irish culture. Gaelscoil Thaobh na Coille will always have a very special place in my heart.*

Le mór mheas agus grá Emer Ní Chonchradha Príomhoide

## Cótaí, Geansaithe & giúrléidí pearsanta

Ar mhiste le gach duine a chinntiú go bhfuil geansaithe, cótaí, hataí agus giúrléidí bhúr bpáistí tagtha abhaile leo ón scoil. Beidh na seomraí ranga á nglanadh amach idir seo agus tús na seachtaine seo chugainn agus cuirfear aon bhaill éadaí 'nach le héinne' ar bhoird sa chlós os comhair an halla ar an Mháirt agus ar an gCéadaoin (maidin & tráthnóna) le gur féidir le tuismitheoirí teacht agus féachaint an bhfuil baill éadaigh 'caillte' a bpáistí ina measc. Beidh aon rud a fágtar sa scoil ina dhiaidh sin á sheoladh ag an ionad athchúrsála.




## Téacsleabhair Scoile

Cuireann scéim na téacsleabhair scoile, téacsleabhair, leabhair saothair, cóipleabhair, pinn luaidh agus a leithéidí ar fáil saor in aisce do na daltaí.

## Bille Scoile



Bíonn Bille Scoile bliantúil le n-íoc do gach dalta. Clúdaíonn an bille seo fótachóipeáil, Ealaíon & Ceardaíocht agus Árachas pearsanta.

Seoladh comhfhreagras r-phoist amach ag tuismitheoirí faoi seo le déanaí. Ba mhór linn dá n-íocfaí é seo roimh an Aoine 26 Meitheamh.

## Slán le Rang a 6

Fágaimíd slán le daltaí rang a 6 atá ag críochnú i nGaelscoil Thaobh na Coille an tseachtain seo chugainn. Guíonn múinteoirí na scoile gach aon rath orthu & iad ag triail ar an iarbhunscoil.



Tá súil againn nach ndéanfaidh siad dearmad ar na blianta a chaith siad linn anseo i nGaelscoil Thaobh na Coille. Tá súil againn nach ndéanfaidh siad dearmad ar a dteanga, a gcultúr, a gcairde agus na múinteoirí ar fad a mhúnlaigh, a threoraigh agus a chuaigh i bhfeidhm orthu go dtí seo ar a dturas oideachais. Is cinnte nach ndéanfaimid dearmad orthu siúd!



**Saoire an tSamhraidh**
***Summer Holidays***

**Aoine 26/06/26**
**@12:00 a chlog**

Scoil Dúnta *School Closed*
29/06/26 go 27/08/26

## Coats, Jumpers & personal items

*Please ensure that your children have brought home their jumpers, coats, hats, jackets and other personal belongings from school. The classrooms will be cleaned out between now and the beginning of next week and any unclaimed items of clothing will be placed on tables in the yard in front of the hall on Tuesday and Wednesday (morning & afternoon) so that parents can come and check if their children's 'lost' items are among them. Anything left at school after that will be sent to the recycling centre.*

## School Textbooks

*The Free Schoolbooks Scheme provides all the textbooks, workbooks, copybooks, pencils etc that the pupils will need during the year free of charge.*

## School Bill

*An annual School Bill is payable for each student. This bill covers photocopying, Arts & Crafts and Pupil Personal Insurance.*



*An E-mail was sent to parents recently about this bill. We would be grateful if it could be paid before Friday 26th of June.*

## Slán le Rang a 6

*We bid farewell to the pupils of rang a 6 who will be finishing up in Gaelscoil Thaobh na Coille next week. We wish them all the best as they move on to secondary school.*

*We hope that they will not forget the years they spent with us here in Gaelscoil Thaobh na Coille. We hope that they won't forget their language, culture, the friends and teachers who have shaped, guided and influenced them so far on their educational journey. We certainly won't forget them!*

**Scoil ag Ath-oscailt**

**School** *Re-opening*

**Aoine 28/08/2025**

**8.50am**





## Niamh Ní Dhúill, Leas Phríomhoide

Gabhaimíd míle buíochas leis an Múinteoir Niamh Ní Dhúill a bheidh ag dul amach ar scor ag deireadh na scoilbhliana seo, i ndiaidh di 29 bliain a chaitheamh mar mhúinteoir i nGaelscoil Thaobh na Coille. Fiú sular tháinig Niamh chun oibre i nGaelscoil Thaobh na Coille i 1997, léirigh sí an-spéis go deo i mbunú agus i bhforbairt na scoile. Bhí sí i láthair ag cruinnithe de chuid an choiste bunaithe & thacaigh sí leo sa bhfeachtas a bhí ar láimh acu Gaelscoil a bhunú i gceantar Áth an Ghainimh/na Céime.

Mar cheannródaí sa scoil ghlac Niamh ról fíor-thábhachtach i bhforbairt & i mbuanú na scoile. Bhí an t-ádh liomsa mar phríomhoide go raibh an fhís chéanna ag Niamh is a bhí agam féin; sár-oideachas trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil do pháistí an cheantair agus deiseanna a thabhairt dóibh bláthú agus forbairt agus iad báite sa teanga, sa chultúr agus sa cheol Gaelach.

Tá an il-iomad buanna ag Niamh, buanna a roinn sí go fial agus go flaithiúil leis na daltaí, lena comhghleacaithe agus le pobal na scoile. Tá an-mheas aici ar an nGaeilge, ar an gceol agus ar gach gné den chultúr gaelach. Tá spéis ar leith aici sa cheol agus bhí sí lán-pháirteach i mbunú agus i gcur chun cinn an bhanna ceoil scoile. Le múinteoirí díograiseacha eile a bhí, agus atá tiomanta do chur chun cinn an cheoil, tá na céadta páiste meallta aici le bheith páirteach i mbanna ceoil na scoile thar na blianta. Is cuid dlúth í an bhanna ceoil de chultúr agus de thraidisiún na scoile anois.

Is a bhuíochas do Niamh go bhfuil córas agus clár cuimsitheach TFC i bhfeidhm sa scoil. Cé nach raibh aon chúlra nó spéis ar leith ag Niamh i gcúrsaí teicneolaíochta ghlac sí cúram iomlán ar chúrsaí teicneolaíochta na scoile; ag aimsiú, ag ceannacht agus ag uasghrádú trealamh agus bonneagar TFC na scoile. Mheall sí & threoraigh sí foireann na scoile agus iad ag dul i ngleic leis na teicneolaíochtaí nua.

Mar mhúinteoir bhí Niamh díograiseach, tiomanta agus dul chun cinn oideachasúil agus pearsanta gach páiste mar chroí-lár dá cuid múinteoireachta. Bhí sí caoin, cneasta, foighneach i gcónaí leis na daltaí a bhí faoina cúram. Léirigh sí spéis ar leith sna páistí a bhí ag strachailt le cúrsaí litearthachta agus uimhearthachta. Bhain sí céim amach san oideachas speisialta agus í ag múineadh agus d'úsáid sí ar fhoghlaim sí uaidh sin leis an tacaíocht ab fhearr a d'féadfaí a chur ar fáil do na páistí a raibh an gá acu leí. Ghlac Niamh ceannair-eacht go cumasach agus go proifisiúnta ar chúrsaí tacaíocht foghlama na scoile ó 2005 go 2013 agus arís ó 2023 i leith.

Tá pearsantacht oscailte, chairdiúil, ghealgháireach, éadrom ag Niamh. Réitíonn sí go han-mhaith le foireann iomlán na scoile, idir óg agus aosta. Cuireann sí múinteoirí ar a suaimhneas (múinteoirí nua agus ionadaithe ina measc) agus ní bhíonn leisce orthu dá bhrí sin comhairle nó cabhair a lorg uithi. Bhí an t-ádh leis na páistí a mhúin Niamh thar na blianta agus bhí an t-ádh linne mar fhoireann í a bheith mar chomhghleacaí againn. Múinteoir ghairmiúil den chéad scoth is ea í a raibh dul chun cinn oideachasúil agus pearsanta gach páiste mar chroí-lár dá cuid múinteoireachta.

Guím gach rath, sonas agus séan ar Niamh agus í ag crochadh na seolta chun imeacht ar scor. Tá a cuid déanta go cumasach, díograiseach, dúthrachtach aici ar son na Gaeilge, an oideachas agus daltaí na scoile. Guím blianta fada sona sláintiúla uirthi amach anseo.

*Míle buíochas to our deputy principal, Múinteoir Niamh Ní Dhúill, who will be retiring at the end of this school year, after 29 years as a teacher in Gaelscoil Thaobh na Coille. Before taking up her teaching position in Gaelscoil Thaobh na Coille in 1997, Niamh had a keen interest in the establishment and development of the school. She attended meetings of the founding committee back in 1994 and supported them in their campaign to establish a Gaelscoil in the Sandyford/Stepaside area.*

*As a pioneering member of the school staff, Niamh played a very important role in the development & establishment of the school. As principal, I was fortunate that both Niamh and I had the same vision for the school; that was to ensure that the children received an excellent education through the medium of Irish and the opportunity to flourish and grow immersed in the Irish language, music and culture.*



*Niamh has many talents, talents that she has shared generously with the pupils, her colleagues and the wider school community. She has a great love and respect for the Irish language, music and all aspects of Irish culture. She has a particular interest in music and was fully involved in the establishment and development of the 'banna ceoil scoile'. With other enthusiastic teachers who were, and are, committed to the promotion of music, she has encouraged hundreds of children to join the school band over the years. The 'banna ceoil scoile' is now an integral part of the school's culture and tradition.*

# Focal Buíochais

*It is thanks to Niamh that the school has a comprehensive ICT system and programme in place. Although Niamh had no background or particular interest in technology, she took on this new challenge and took full responsibility for the school's technology; sourcing, purchasing and upgrading the school's IT equipment and infrastructure. She also encouraged, inspired and guided teachers as they grappled with new technologies.*



*As a teacher, Niamh was enthusiastic, dedicated and the educational and personal progress of each child was at the heart of her teaching. She was always kind, gentle and patient with the pupils in her care. She showed a particular interest in children who were struggling with literacy and numeracy. She obtained a degree in special education while teaching and used her newly acquired knowledge and expertise to provide the best support possible to the children who needed it. Niamh oversaw the school's learning support provision with professionalism, serving as the lead on learning support matters from 2005 to 2013 & again from 2023 onwards.*

*Niamh has an open, friendly, cheerful, and easy-going personality. She gets along very well with all the staff in the school, both young and old. She puts teachers at ease (including new teachers and substitute teachers) and they therefore do not hesitate to seek advice or help from her. The children who were taught by Niamh over the years were very fortunate to have had her as their teacher; as a school staff we were lucky to have her as a colleague. She is a first-class professional teacher whose teaching focuses on the educational and personal well-being and development of each child.*

*I wish Niamh every success, happiness and good fortune when she retires. She has done her part ably, diligently and dedicatedly for the Irish language, education and the pupils of the school. I wish her many happy and healthy years in the future.*

## Naíonáin Shóisearacha 2026/2027

Tá an-áthas orainn a chur in iúl daoibh go mbeidh 3 rang naíonáin shóisearacha againn an bhliain seo chugainn.

Shocraigh an Bord Bainistíochta maoiniú príobháideach a chur ar fáil chun post múinteoireachta breise a fhostú don bhliain acadúil 2026/2027, chun cur ar ár gcumas trí shruth i Naíonáin Shóisearacha a bheith ann & iontógáil níos mó daltaí a éascú.

Socrú aon uaire é seo atá ag brath ar mhaoiniú príobháideach nach mbeidh ar fáil tar éis 2026/2027. Níl aon chinnteacht ann go mbeidh trí rang naíonáin ann amach anseo mura dtabharfaidh an Roinn Oideachais ceadú poist sa bhreis don scoil don bhliain acadúil 2027/2028.

Roinnfear na naíonáin shóisearacha i dtrí rang don chéad bhliain ar scoil agus ansin déanfar iad a chomhnascadh go dhá rang ó rang na naíonáin shinsearacha ar aghaidh.

## Junior Infants 2026/2027

*We are delighted to inform you that we will have 3 junior infant classes for the coming school year.*

*The Board of Management has decided to provide private funding to employ an additional teaching post for the 2026/2027 academic year, to enable us to have three streams in Junior Infants and facilitate the higher intake of pupils.*

*This is a one-off arrangement which is dependent on private funding which will not be available after 2026/2027. There is no certainty that there will be three infant classes in the future unless the Department of Education grants the school additional posts for the 2027/2028 academic year.*

*The junior infants will be divided into three classes for the first year of school and will then be amalgamated into two classes from the senior infant class onwards.*

# Gaelscoil Thaobh na Coille & Ysgol Gymraeg Morswyn



Tá gaol láidir idir Ghaelscoil Thaobh na Coille & Ysgol Gymraeg Morswyn sa Bhreatain Bheag. 'Scoil Breatnaise' (Ysgol Gymraeg) nó 'Gaelscoil' is ea scoil Morswyn. Is í an Bhreatnais teanga foghlama agus teanga cumarsáide na scoile. Tá an scoil lonnaithe i Holyhead ar Oileán Anglesey sa Bhreatain Bheag. Bunaíodh an nasc idir an dá scoil i 2005/2006 mar chuid de thionscamh idir Calafort Holyhead agus Calafort Dhún Laoghaire agus tá cuairt bliaintiúl á thabhairt againn ar scoileanna a chéile ó shin.



Foghlaimíonn na daltaí sa dá scoil an-chuid óna chéile agus feiceann siad go bhfuil daltaí i dtír eile atá ag freastal ar 'ghaelscoil' cosúil leo féin agus nach bhfuil sé sin chomh 'hait' nó chomh 'neamhchoitianta' is a cheapann roinnt daoine. Feiceann siad freisin go bhfuil go leoir de na bun luachanna agus na haidhmeanna céanna á chur chun cinn sa dá scoil; béim ar an dteanga, ar an gceol, ar an gcultúr, ar an traidisiún agus gach a bhaineann leí. Eispéireas iontach é seo do na páistí a mhaireann ina gcuimhní i bhfad tar éis dóibh an bhunscoil a fhágáil .

Thug R5A cuairt ar Ysgol Gymraeg Morswyn ar an 13ú Bealtaine agus thug rang ó Ysgol Gymraeg Morswyn cuairt orainn anseo i nGaelscoil Thaobh na Coille ar an gCéadaoin 10ú Meitheamh agus chaith siad an lá ag glacadh páirte in imeachtaí spraíúla lena gcairde nua.

*There is a strong connection between Gaelscoil Thaobh na Coille & Ysgol Gymraeg Morswyn in Wales. Morswyn is a 'Welsh School' (Ysgol Gymraeg) or 'Gaelscoil'. Welsh is the language of instruction and communication at school. The school is in Holyhead on the Isle of Anglesey in Wales. The link between the two schools was established in 2005/2006 as part of a project between Holyhead Port and Dún Laoghaire Port and we have been visiting each other's schools annually since then.*



*The pupils in both schools learn a lot from each other and see that there are children in another country who are attending a school that is similar to their own school and that attending a 'gaelscoil' or a second language school is not as 'odd' or unusual as some people think! They also see that there are many similarities between the two schools; in particular the emphasis that is placed on our native language, music, culture, traditions and all that goes with it. This is a wonderful experience for the pupils in both schools and one they remember fondly long after they have left primary school.*



*R5A visited Ysgol Gymraeg Morswyn on the 13th of May and a class from Ysgol Gymraeg Morswyn visited us here in Gaelscoil Thaobh na Coille on Wedensday last 10th of June. The children spent the day participating in fun-activities with their new friends.*

## N2A Múinteoir Caitríona Bairéad



Thug N2A cuairt ar 'Feirm Kian Ora' Bhí an-chraic go deo acu ann. *N2A really enjoyed their trip to Kia Ora Farm.*

## R4A Múinteoir Mícheál Ó Mocháin & R4B Múinteoir Máirín Ní Dhubhthaigh



Bhain an dá R4 an-sult as a dturas scoile chuig Carnabhal na nGaelscoileanna i gCo. Na Mí. Bhí gníomhaíochtaí spraíúla á dhéanamh acu ar nós boghdóireacht, drumadóireacht, 'go-karting', liathróidí móra uisce inséidte agus neart eile. Bhí sé go hiontach bualadh le páistí ó ghaelscoileanna eile ar fud na tíre agus an Ghaeilge a chloisteáil á labhairt i rith an lae.



*Both R4 really enjoyed their school trip to Carnabhal na nGaelscoileanna in Co. Meath. They participated in fun activities such as archery, drumming, go-karting, large inflatable water balls and lots more. It was great to meet children from other Gaelscoileanna from around the country and hear Irish being spoken by all throughout the day.*

## R5B Múinteoir Mícheál de Bhailís

Thug rang 5B cuairt ar Thigh'n Alluis agus ar Zipit i nGleann Cuillinn. Ag Tigh'n Alluis, d'fhoghlaim muid faoin bhfolláine agus faoin tábhacht a bhaineann le scíth a ligean. Thug Karl Priestly, iar-dhalta agus múinteoir na scoile an turas dúinn. Ag Zipit, ghlac muid páirt i ngníomhaíochtaí eachtraíochta agus bhain muid spraoi as na línte zip agus na cúrsaí dreapadóireachta. Lá iontach a bhí ann.



*Recently, R5B visited Tigh'n Alluis and Zipit in Glencullen. At Tigh'n Alluis, we learned about wellbeing and the importance of relaxation. We were given the tour by Karl Priestly, a former pupil and teacher at the school. At Zipit, we took part in exciting adventure activities and enjoyed the zip lines and climbing courses. It was a fantastic day.*

## Múinteoir Deirdre Ní Dhochartaigh





Bhí lá ar dóigh ag na Naíonáin ar an bhfeirm i nGleann Rua le déanaí. Bhí aimsir ar dóigh ann.

*The Infants had a great day on the farm in Glenroe recently. The weather was great.*

## N2B Múinteoir Deirdre Ní Dhiomsaigh



Chuamar ar thuras scoile go Feirm Kia Ora. Bhí lá den scoth againn ag beathú na hainmhithe agus ag spraoi le chéile. Tógadh muid timpeall na feirme ar an inneal dóiteán agus d'itheamar uachtar reoite blasta – sár-lá!!

*We went on our school tour to Kia Ora Farm. We had a great day feeding the animals and playing together. We were brought on a drive around the farm in an old fire engine and we ate delicious ice cream – what a brilliant day!!.*

## R1B Múinteoir Hannah Nic Uaid



Bhain R1B an-taitneamh go deo as an turas ranga a thug siad ar Pháirc Spraoi Clara Lara!

*R1B really enjoyed their class tour to Clara Lara Fun Park!*


## An Múinteoir Emma de Róiste

Tháinig ár gcairde ó Ysgol Gymraeg Morswyn ar chuairt chugainn ón mBreatain Bheag. Chuamar ar chuairt chucu freisin I mí Bealtaine - bhí sé go hálainn iad a fheiceáil arís!

*Our friends from Ysgol Gymraeg Morswyn came to visit us from Wales this month. We also travelled over to them back in May - it was lovely to see them again!*

## Aaron Ó Ruaidh






Thug an amhránaí & cumadóir Aaron Ó Ruaidh cuairt ar an scoil ag tús na míosa. D'fhreastal Aaron ar Ghaelscoil Thaobh na Coille agus bhí sé i rang a 6 i 2007/2008. Tá ag éirí go hiontach leis faoi láthair agus tá a chlú agus a cháil ag dul i méid in Éirinn agus go h-idirnáisiúnta. Tá sé ag taisteal fud fad Mheiriceá faoi láthair mar aoi-amhránaí ag ceolchoirmeacha Ed Sheerin! Tá sé taréis canadh mar aoi-amhránaí le Lewis Capaldi agus Dermot Kennedy freisin.

Tar éis dó cúpla amhrán a chanadh do na páistí tugadh an deis do dhaltaí R6 suí síos leis agus roinnt ceisteanna a chuir air fa-oina shlí Beatha. Coinnigh cluas amach do cheol 'Aaron Rowe'. Amach anseo b'fhéidir go mbeimíd ag maoimh gur thosaigh sé ag canadh i nGaelscoil Thaobh na Coille!

Singer & songwriter Aaron Ó Ruaidh visited the school at the beginning of the month. Aaron attended Gaelscoil Thaobh na Coille and was in R6 in 2007/2008. Aaron is doing brilliantly at the moment and his fame and reputation is growing both in Ireland and internationally. He is currently touring all over America as a guest singer at Ed Sheeran concerts. He has also supported Lewis Capaldi and Dermot Kennedy.

When he had finished singing a couple of songs for the children (R3—R6) the pupils in R6 got to sit down with him and ask him all about his life as an up and coming musician.

Keep an ear out for the music of 'Aaron Rowe'. In the future we may be boasting that he started off his singing career in Gaelscoil Thaobh na Coille!

## Lúthchleasaíocht Chumann na mBunscol



Ghlac 29 páiste ó R4 go R6 páirt i gComórtas Lúthchleasaíochta Cumann na mBunscol i Seantrabh le déanaí. Bhain foireann rás sealaíochta Cailíní Faoi 14 an chéad áit amach agus d'fhill siad abhaile le corn. Ghnóthaigh foireann na g Cailíní Faoi 12 sa dara háit.
Bhuaigh Chloe Másún bonn óir sa chomórtas Caitheamh Meáchain. Bhí Ailish Ní Fhionalláin sa dara háit sa Rás 600m agus bhuaigh Felix Mac Cadáin bonn airgead sa chomórtas Caitheamh Meáchain. Chríochnaigh Robyn Ní Mhacháin sa 3ú háit sa Rás 100m agus bhuaigh Max Ó Caoinleáin bonn cré-umha sa chomórtas Léim Ard.



## Seachtain Spóirt is Spraoi

Bhí Seachtain Spóirt is Spraoi ar siúl ó 2-5 Meitheamh. Bhí seachtain lán d'imeachtaí againn agus bhain páistí uile na scoile an-taitneamh as. Cuireadh Lá Spóirt N1-R1 agus Lá Spóirt R2-6 ar athló go dtí 18 Meitheamh de bharr na drochaimsire. Bhí an-lá go deo againn amuigh ar an bhfaiche ar chúl na scoile áit ar ritheadh na rásanna uilig ó N1 go R6. Bhí na buaiteoirí agus iad siúd nár bhuaigh an-sásta leis an lá!

## Cluichí Iomána Idirchondae

Roghnaíodh Luke Consaidín agus Oisín Ó Dubhthaigh le himirt ar fhoireann Iomána Chumann na mBunscol Áth Cliath Dé hAoine 12 Meitheamh. D'imir siad i gcoinne Aontroim i bPáirc Parnell agus bhí an bua acu.

## Cumann na mBunscol Athletics

*29 children from R4 to R6 took part in the Cumann na mBunscol Athletics Competition in Santry recently. The Girls Under 14 relay team were victorious – only the third time in the school's history to achieve this feat – and they returned home with the cup. The Girls Under 12 team placed second.*

*Chloe Másún won a gold medal in the Shot Putt competition. Ailish Ní Fhionalláin was second in the 600m race and Felix Mac Cadáin won a silver medal in the Shot Putt. Robyn Ní Mhacháin finished 3rd in the 100m Race and Max Ó Caoinleáin won a bronze medal in the High Jump.*



## Fun and Sports Week

*The School Sports Week took place from the 2nd to 5th June. The children had a week full of events and they thoroughly enjoyed themselves. The Junior Infants to First Class Sports Day and 2nd – 6th Class Sports Days, were postponed due to the bad weather but were successfully completed yesterday. We had a great day out on the green behind the school where all the races from N1 to R6 were run. The winners and those who didn't win were very happy with the day!*



## Inter-county Hurling Match

*Luke Consaidín and Oisín Ó Dubhthaigh were selected to play for the Cumann na mBunscol Áth Cliath Hurling team on Friday 12th June. They played against Antrim in Parnell Park and won.*

## Bliots Peile na Sléibhe



Ghlac cailíní agus buachaillí Rang a 6 páirt i mbliots bhliantúil Peile na Sléibhe i gCLG Réalt na hÉireann coicís ó shin. Bhí an bua ag an dá fhoireann!

## Cluiche Ceannais Iomána



Bhí bua den scoth ag foireann sinsear iomána na scoile i gcoinne Scoil Chrónáin i bPáirc an Chrócaigh Dé Luain 15 Meitheamh. Bhuadar 3.12 i gcoinne 1.08. Comhghháirdeas leis an gcaptaen Callum de Paor agus an 23 imreoir eile a d'imir ar an lá.

## Lúthchleasaíochta na nGaelscoileanna

Beidh 53 lúthchleasaí ó Rang a 3 go Rang a 6 ag taisteal chuig Léim an Bhradáin i gContae Chill Dara Dé hAoine 19/06/26 le hiomaíocht a dhéanamh i gComórtas Lúthchleasa na nGaelscoileanna. Beidh siad ag glacadh páirt i rásanna sealaíochta, rásanna 80m agus rásanna 600m.

## Gaelscoileanna Athletics

*53 athletes from 3rd to 6th Class will be travelling to Leixlip in County Kildare on Friday 19/06/26 to compete in an Athletics Meet for 'Gaelscoileanna'. They will be participating in relay races, 80m races and 600m races.*

## Mountain Football Blitz

*The 6th Class girls and boys took part in the annual St. Patrick's NS, Glencullen football blitz a fortnight ago. Both teams were victorious on the day!*



## Cumann na mBunscol Hurling Final

*The school's senior hurling team had an excellent victory against Scoil Chrónáin in Croke Park on Monday 15th June. They won 3.12 to 1.08. Congratulations to captain Callum de Paor and the 23 other players who played on the day.*



## Buíochas

Buíochas leis na Múinteoirí ar fad a thugann a gcuid ama leis na daltaí a threanáil sa pheil agus san iomáint agus a fhreastalaíonn ar chluichí i ndiaidh am scoile. Buíochas ollmhór leis an Múinteoir Maoilíosa Ó Dubhthaigh as an obair ar fad a dhéanann sé leis cúrsaí spóirt a fhorbairt & a chur chinn cinn sa scoil.

